Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa bliantúil don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus speansais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, do sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, íocaíocht agus an chun de deontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €6.965 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1-6 mar chuid den Chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, faoi mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 27 de 2019, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Tá an Campas Coinneála Leanaí i mBaile an Oibricigh dílsithe san Aire agus san áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh.Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach thar a saolré fhónta mheasta. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% sa bhliain.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Íocann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a raibh súil leis) ar ais leis an Roinn. Déantar an glanmhéid a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain (féach ar Nóta 6.1).

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais na gComhaontuithe Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte chun seirbhísí áirithe airgeadais agus comhroinnte TFC a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun Seirbhísí Comhroinnte AD agus Párolla a sholáthar. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam freisin faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuaira bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo. Fuair Stiúrthóir Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh litir dhearbhaithe freisin ó Cheann na Bainistíochta Faisnéise agus na Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun seirbhísí TFC a sholáthar.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne i measc réimse clár luathbhlianta agus clár gaolmhar a bhaineann le daoine óga. In 2019, réamhíocadh glanchistiú €573 milliún le Pobal ina leith seo (Nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialáil ag comhaontú seirbhíse (CS) uileghabhálach.

Leathnaíodh an comhaountú, a bhí ar siul ar dtús ó Meán Fómhair 2017 go 1 Eanáir 2021, go 31 Nollaig 2022, d'fhonn fad comhaontaithe fochuideachta a chumhdach idir na heagraíochtaí lena n-áirítear an fheighmíocht a chlúdach, an Comhaontú Seachadadh Feidhmíochta san áireamh don Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta. Tá athbhreithniú ar an CS le déanamh in 2020, agus déanfar athbhreithniú bliantúil ina dhiaidh sin ar an gcáipéis.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cuireann bainistíocht shinsearach na Roinne a n-ainm le Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe Airgeadais maidir lena limistéir aonair freagrachta. Cuirtear na ráitis seo ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an Cuntas Leithreasa á thabhairt chun críche.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear air sin na gnéithe seo a leanas:

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha.
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Comhlíontacht soláthair***

Deimhním go n-áirithíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha ar fad a áirithiú. Chomhlíon an Roinn leis na treoirlínte ach amháin i ndáil le dhá chonradh luach €135,000. Seo thíos mionsonraí na gconarthaí neamh-chomhlíontacha:

- Seandálaí Fóiréinseach, suim €83,787 (gan-CBL)
- Seandálaíocht fhóiréinseach, suim €51,213 (gan-CBL)

Tá míniú ar na himthosca a bhain leis na cásanna seo le fáil i mo thuairisceán bliantúil faoi Chiorclán 40/2002.

***An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn a bhfuil neamhspleáchas ón eagraíocht aici, a thuairiscíonn go díreach liom féin mar Oifigeach Cuntasaíochta agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus nach bhfuil aon rud ann a chuireann isteach ar a neamhspleáchas nó a oibiachtúlacht. Tá pearsanra ar cuireadh an oiliúint chuí orthu in Iniúchóireacht Inmheánach agus oibríonn sé i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo.

Casaim leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ó thráth go chéile. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne plé ar mhiontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Cuntasóir Gairmiúil é an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí (an CII) ag a bhfuil beirt foirne - ardoifigeach feidhmiúcháin agus oifigeach feidhmiúcháin. Anuas ar an soláthar foirne buan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta leis an bhfeidhm iniúchóireachta, a sholáthraíonn conraitheoir seachtrach.Tugtar faoi iniúchtaí de réir chaighdeáin an RCPA/Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht ar an bhfeidhm le déanaí (Feabhra 2020) agus ba é an tátal a baineadh as ná gur "chloígh sé go mór, tríd is tríd, leis na caighdeáin".

D'eisigh Iniúchóireacht Inmheánach ceithre thuarascáil déag i rith 2019. Astu seo, luadh tuairim iniúchóireachta de "dearbhú réasúnta" i naoi gcás, agus luadh tuairim iniúchóireachta "dearbhú teoranta" in dhá chás. Níor bronnadh leibhéal dearbhaithe i gcás trí thuarascáil, a bhí ina n-iniúchtaí aisamhairc. Níor luadh tuairim iniúchóireachta "dearbhú ar bith" uair ar bith.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar obair leantach chuí ar thuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Roinn ina bhfuil gach ball den Bhord Bainistíochta. Déanann an Coiste maoirseacht ar chóras bainistíochta riosca na Roinne. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal Aonaid aonair.

Is éard a bhaineann leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca ar fud na Roinne a shainaithint agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tacaíonn clár rioscaí leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus eile atá roimh an Roinn, agus déantar gach ceann a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a dtabharfar fúthu chun riosca a mhaolú. Déanann an Coiste Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn Ráiteas Inghlacthachta Riosca leis an gcóras freisin, atá i bhfeidhm don Roinn.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Tugadh roinnt saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh chun solais i dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí i rith 2019. Níor sholáthair dhá cheann díobh seo ach ‘dearbhú teoranta’. I measc na saincheisteanna a tugadh chun solais agus na mbeart ceartaitheach ar tugadh fúthu, tá an méid seo a leanas:

1. *Creat Leibhéal Slándála TF*

Rinneadh ocht moladh Meántosaíochta agus ceithre mholadh Ísealtosaíochta i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí.Ba é cuspóir an iniúchta seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chreata slándála teicneolaíochta faisnéise atá i bhfeidhm i gcomparáid le dea-chleachtas in eagraíochtaí atá chomh mór agus chomh coimpléascach leis an RLGÓ. Tuairiscíodh tuairim iniúchóireachta ‘Dearbhú Teoranta’ san iniúchadh agus rinneadh 8 moladh meántosaíochta mar gheall gur thug torthaí an iniúchta le fios nár shásúil staid reatha an Chreata TF san RLGÓ.

Mar fhreagairt do roinnt de na saincheisteanna a tugadh chun solais sa tuarascáil, chuir an Bhainistíocht in iúl i rith an iniúchta i Lúnasa 2018 gur thosaigh an RLGÓ le plé a dhéanamh le OPOFR (Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais) chun seirbhísí TFC a aistriú chuig OPOFR. I mí na Nollag 2018, d'fhaomh an tOifigeach Cuntasaíochta togra chun deireadh a chur leis an socrú reatha conarthach leis an Roinn Sláinte agus comhaontú a dhéanamh ar chomhaontú nua tacaíochta deisce agus óstála freastalaí le OPOFR ar aon dul le Straitéis TFC an Rialtais. Fuair an RLGÓ faomhadh ón Aonad Maoirseachta Rialachais Dhigitigh (an AMRD) san RCPA chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo. Tá beartais nua á bhforbairt ag an RLGÓ agus chomhaontaigh sí chun gach ceann de na moltaí a chur san áireamh. Aistríodh an Roinn i Samhain 2019 go dtí ardán nua *Tógáil le Roinnt* do gach seirbhís deisce. Cuirtear iniúchadh athbhreithnithe, atá le déanamh sa ráithe dheiridh in 2020, san áireamh i bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí 2020.

*2. Comhaontú Seirbhíse — socruithe coimisiúnaithe — Luathbhlianta*

Athbhreithniú leantach é seo ar chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh san iniúchadh ar CSanna maidir le Socruithe Coimisiúnaithe i ndáil le Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga – Luathbhlianta. Tugadh le fios san iniúchadh nár cuireadh an ardtosaíocht a deimhníodh agus an moladh gaolmhar i bhfeidhm go fóill. Luadh sa mholadh gur cheart CS a chur i bhfeidhm go práinneach do gach ceann de na cláir Luathbhlianta, atá ina fho-chomhaontú de chuid an chomhaontaithe reatha uileghabhálaigh. Maidir leis an CS seo, tá Iniúchóireacht Inmheánach sásta gur thug an bhainistíocht faoi obair shuntasach a lean ar aghaidh in 2019 agus isteach in 2020.

***Seirbhís Dlí agus Cirt Óige na hÉireann lena n-áirítear Campus Coinneála Leanái Oberstown***

Sainaithníodh teip rialaithe a bhaineann le tuarastal a aisíoc maidir le ball foirne a bhí ar iasacht ó Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh le heagraíocht sheachtrach i gCuntas Leithreasa 2018. Is ionann an tsuim atá i gceist agus thart ar €500,000.

Táimid tar éis déileáil leis seo agus teacht ar chomhaontú a chiallaíonn go n-aisíocfaidh an eagraíocht sheachtrach €25,000 sa bhliain, agus go ndéanfar athbhreithniú ar na socruithe i gceann cúig bliana.

Leanadh ar aghaidh ag déileáil leis na réimsí seo ar bhain ábhar imní leo in 2019. I dtimthriall chlár 2018/2019 (Meán Fómhair 2018 go dtí Lúnasa 2019), ba é cur chuige na Roinne maidir leis an bhfeidhm chomhlíontachta díriú ar na réimsí a chruthaigh an riosca is mó do mhaoiniú Státchiste.

*Luathbhlianta — rialacha cláir a chomhlíonadh*

Chaith an Roinn suim iomlán €472 milliún in 2019 (2018: €428 milliún) ar scéimeanna Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC) agus Cúram ar Aois Scoile (CAS) faoi stiúir éilimh, a sholáthair fóirdheontais uilíocha agus spriocdhírithe araon. Rinne seo soláthar don chlár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) agus gnéithe tairbhí na Samhla Rochtana agus Cuimsithe a oibriú i rith na bliana go léir, agus cuireadh an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta (an SCLN) nua in ionad na scéimeanna spriocdhírithe leagáide (an FCLP agus CLOF).

Leanann líon beag teaghlach le páirt a ghlacadh i scéimeanna leagáide. Cé go mbainfidh tromlach na dteaghlach sochar as an SCLN, tá roinnt bheag teaghlach ann a mbeidh sé níos tairbhiúla dóibh gan aistriú ó na scéimeanna reatha. Mar thoradh ar Bhuiséad 2020, beidh na teaghlaigh seo anois in ann leanúint de bheith rannpháirteach sna scéimeanna siúd i ndiaidh dheireadh Lúnasa 2020 nó aistriú chuig an SCLN, ag brath ar pé ceann is mó a rachaidh chun sochair dóibh.

Tá rialacha i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go gcaitear airgead a cuireadh ar fáil do scéimeanna LFC agus CAS go cuí. Gné bhunúsach de dhea-rialachas na scéimeanna seo is ea comhlíonadh rialacha na gclár. B'ábhar buartha i mblianta roimhe seo rialacha cláir a chomhlíonadh. Ba iad saincheisteanna áirithe leagáide agus dearadh rialacha na mbunscéimeanna ba phríomhchúis leis seo a forbraíodh ar bhealach sách *ad hoc* i gcaitheamh tréimhse ama. Cistíodh seirbhísí roimhe seo faoi shamhail deontais soláthair

foirne, a bhí bunaithe ar bhlocdheontas, seachas ar chistiú aonair in aghaidh an linbh. Ba dheacair do go leor soláthraithe déileáil le híocaíochtaí bunaithe ar fhreastal leanaí aonair.

Leanadh ag dul i ngleic leis na limistéir seo bhuartha in 2019. I dtimthriall 2019/20, tugadh faoi deara go raibh 28% de na conarthaí neamhchomhlíontach. Is ionann é seo agus feabhas ar thimthriall 2018/19, tráth ar tugadh faoi deara go raibh 31% de na conarthaí neamhchomhlíontach. Tá an ghníomhaíocht chomhlíontacha dírithe ar réimsí riosca rud a chiallaíonn go bhfuil seans ann go bhfuil leibhéal na neamhchomhlíontachta suntasaí seo níos ísle i measc an phobail i gcoitinne. Tugtar cás neamhchomhlíontachta faoi deara nuair a aimsítear go bhfuil ceanglas scéime á shárú ag soláthraí, cosúil leis an leibhéal maoinithe éilithe, ceanglais maidir le coimeád taifead (lena n-áirítear taifid tinrimh), an leibhéal soláthar seirbhíse, coimeád comhaontuithe tuismitheoireachta, agus táillí a bheith á laghdú ag na méideanna iomlána fóirdheontais.

Áiríodh leis seo díriú ar na scéimeanna ina ndearnadh rátaí ní b’airde de ró-éileamh, seirbhísí ar tugadh neamhchomhlíonadh faoi deara le blianta anuas, agus seirbhísí a bhfuil conarthaí ardluacha acu. Chuir an cur chuige seo feabhas ar chosaint fhoriomlán chistí an Státchiste; nuair a sainaithníodh ró-éileamh, rinneadh é a aisíoc go rialta ansin.

Cé go léiríonn cláir éagsúla leibhéil éagsúla de neamh-chomhlíonadh, bhí na príomhlimistéir neamh-chomhlíonta i dtimthriall 2018/19 (Deireadh Fómhair 2018 go Lúnasa 2019) dírithe ar na scéimeanna leagáide ar cuireadh an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta ina n-ionad, go héifeachtach, i ndiaidh gur tugadh isteach í i Samhain 2019. Leanann an fheidhm chomhlíonta i dtimthriall 2019/20 le cistí Státchiste a chosaint trí thús áite a thabhairt do chuairteanna ar chonarthaí ardluacha a thabhairt ar na scéimeanna ina bhfuil gné níos airde de riosca agus ar sheirbhísí a bhfuil stair phríomh-shaincheisteanna comhlíonta acu. Ba í an Scéim Cúram Leanaí Pobail (an SCLP) an clár ag a raibh na leibhéil ab ísle de chomhlíonadh agus na leibhéil ab airde de ró-éileamh roimhe seo. Dhírigh gníomhaíocht chomhlíonta air in 2018/19. Tá deireadh curtha anois ag an Roinn leis an SCLP. Tá Clár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí sa Phobal *Plus* (an FCPP) oscailte go fóill d’iontrálaithe reatha agus is í an scéim is airde riosca anois, agus dírítear gníomhaíocht chomhlíonta air, dá bharr, in 2019/20.

Tabharfar faoi athbhreithniú ar oibriú an Chreata Comhlíonta in 2020. Is éard a bhainfidh leis seo ná athbhreithniú ar oibriú an chreata go dtí seo agus ar roghanna chun feabhsúcháin oibríochtúla a dhéanamh. Is éard a bhainfidh leis freisin ná breithniú a dhéanamh ar athruithe níos fairsinge a dhéanamh d’oibriú an chreata amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs na Scéime Cúram Leanaí Náisiúnta nua. Braithfidh struchtúr an Chreata Comhlíonta amach anseo ar mholtaí a eascraíonn as an athbhreithniú, i ndeireadh na dála.

Ba cheart go gcuirfeadh an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta nua a tugadh isteach le déanaí feabhas suntasach ar an seasamh foriomlán maidir le rialachas agus comhlíonadh rialacha na scéime i measc soláthraithe. Tiocfaidh an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta in ionad scéimeanna, seachas COLÓ. Tá riachtanais soláthraithe agus tuismitheoirí le cur san áireamh i rialacha na scéime ar bhealach ina mbíonn súil le comhlíonadh feabhsaithe agus líon i bhfad níos ísle de ró-éilimh. Nuair a shainaithnítear ró-éilimh, tá pleananna i bhfeidhm chun iad a fhorchúiteamh, agus cinntítear nach mbíonn an Státchiste thíos le haon chaillteanas dá bharr. Leanann an Roinn agus Pobal ag oibriú chun an fheidhm seo a threisiú.

Tá athbhreithniú le déanamh ar an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta i ndiaidh bliain a haon ar aon dul leis an Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018.

Ag deireadh 2019, thaifead próiseas bainistíochta fiachais Pobal iarmhéid féichiúnaithe de thart ar €4.3 milliún i ndáil le gach clár de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Áiríodh anseo cláir seachas na scéimeanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile a bhí i mbun feidhme an bhliain sin, agus bhain thart ar €3 milliún le tionscadail chaipitil stairiúla a bhain leis an tréimhse idir 2000-2010. Tá an Roinn agus Pobal ag na céimeanna deireanacha agus táthar ar tí comhaontú ar phróiseas chun an fiachas stairiúil seo a bhainistiú. Cé gur cuireadh moill ar an bpróiseas seo a chomhaontú in 2019, táthar ag leanúint le dul chun cinn a dhéanamh

agus táthar ag súil go mbeidh próiseas curtha i gcrích in 2020. Ar feitheamh comhaontaithe, leagfar amach sa phróiseas bainistíochta féichiúnaithe seo freisin nós imeachta chun na fiachais seo a shainaithint agus a chóireáil a d'fhéadfaí a chinneadh atá do-aisghabhála, lena n-áirítear an figiúr stairiúil €1 mhilliún dá dtagraítear dó i gCuntais Leithreasa 2018.

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An 31 Márta 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.Níl baint ná páirt agam le Leanaí agus Gnóthaí Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2020

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A An Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh | | | | |
| *Tosaigh* | 813,723 | | | |
| *Forlíontach* | 22,104 | | | |
| | | 835,827 | 835,876 | 784,712 |
| B Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga | | | | |
| *Tosaigh* | 664,534 | | | |
| *Forlíontach* | (4,389) | | | |
| | | 660,145 | 654,520 | 577,257 |
| C An Clár Beartais agus Reachtaíochta | | | | |
| *Tosaigh* | 32,056 | | | |
| *Forlíontach* | (2,715) | | | |
| | | 29,341 | 27,379 | 24,885 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Tosaigh* | 1,510,313 | | | |
| *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | **1,525,313** | **1,517,775** | **1,386,854** |
| *Lúide* | | | | |
| D **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Tosaigh* | 27,637 | | | |
| | | **27,637** | **27,064** | **23,946** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Tosaigh* | 1,482,676 | | | |
| *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | **1,497,676** | **1,490,711** | **1,362,908** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **6,964,619** | **16,101,819** |

**Fergal Lynch**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An 31 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,500,731 | 1,370,412 |
| Pá | | 14,964 | 13,869 |
| Neamhphá | | 2,080 | 2,573 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,517,775** | **1,386,854** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **27,064** | **23,946** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,490,711** | **1,362,908** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (1,773) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 27 | | |
| Dímheas | 1,411 | (335) | (1,196) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,548) | (3,548) | (1,303) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,486,828** | **1,360,409** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 5,728 | 7,756 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,492,556** | **1,368,165** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a rinneadh a chionroinnt ar Vótaí eile.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 30 | 90 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,443 | 1,005 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,211 | 6,583 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 31 | 70 |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | 13 | 8 |
| | **5,728** | **7,756** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 57,237 | 56,817 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | | 6 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 7,282 | 3,697 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 7,348 | 6,577 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 14,636 | 10,280 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 4,851 | 5,263 |
| Speansais fhabhraithe | | 608 | 571 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 1,211 | 897 |
| Glanchistiú Státchiste dlite | 2.6 | 1,286 | 417 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 7,956 | 7,148 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 6,680 | 3,132 |
| **Glansócmhainní** | | **63,917** | **59,949** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.7 | **63,917** | **59,949** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán, feistis agus mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 59,473 | 808 | 799 | 61,080 |
| Coigeartuithe[a] | — | (462) | (6) | (468) |
| Breisiúcháin | 1,525 | 220 | 28 | 1,773 |
| Diúscairtí | — | (33) | — | (33) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 60,998 | 533 | 821 | 62,352 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 3,467 | 577 | 219 | 4,263 |
| Coigeartuithe | — | (451) | (102) | (553) |
| Dímheas don bhliain | 1,220 | 102 | 89 | 1,411 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (6) | — | (6) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019 | 4,687 | 222 | 206 | 5,115 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **56,311** | **311** | **615** | **57,237** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | 56,006 | 231 | 580 | 56,817 |

Nóta [a] I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na sócmhainní caipitil, bhí sé riachtanach coigeartú a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil léargas tugtha ar dhiúscairtí ó thréimhsí roimhe sin.

## 2.2 An Banc agus Airgead Tirim

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phá-Mháistir Ghinearálta | (5,112) | (5,264) |
| Iarmhéideanna bainc eile | 261 | 1 |
| | **(4,851)** | **(5,263)** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pobal | 7,050 | 3,407 |
| Ceadúnais thréimhsiúla, síntiúis, árachas, srl | 232 | 290 |
| | **7,282** | **3,697** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 51 | 191 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 80 | 112 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe taistil | 5 | 13 |
| Caiteachas scéime in-fhorchúitithe an phas taistil | 63 | 57 |
| Earraí fionraí fiachais eile | 7,149 | 6,204 |
| | **7,348** | **6,577** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 127 | 65 |
| Cáin Bhreisluacha | 79 | 368 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 2 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 812 | 4 |
| | 1,019 | 439 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 192 | 444 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 14 |
| | **1,211** | **897** |

## 2.6 Glanchistiú Státchiste dlite

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 6,965 | 16,102 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (5,679) | (15,685) |
| **Glanchistiú Státchiste dlite** | **1,286** | **417** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe:** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7,348 | 6,577 |
| | 7,348 | 6,577 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Banc agus airgead tirim | (4,851) | (5,263) |
| Dlite don Stát | (1,019) | (439) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (192) | (458) |
| | (6,062) | (6,160) |
| | **1,286** | **417** |

## 2.7 An Cuntas um ChistiúStáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir** | | | 59,949 | 57,436 |
| Coigeartú | | | 85 | 14 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Cuntas | 1,497,676 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (6,965) | | |
| Glanvóta | | | 1,490,711 | 1,362,908 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 5,728 | 7,756 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,492,556) | (1,368,165) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **63,917** | **59,949** |

## 2.8 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 2,963 | 4,153 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 724 | 67 |
| **Iomlán na gceangaltas atá in-fhorfheidhmithe le dlí** | **3,687** | **4,220** |

**d) Tionscadail mhóra chaipitil**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2018** | **Caiteachas in 2019** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin** | **Saol caiteachais ionchasach an tionscadail** | **Saol caiteachais ionchasach an tionscadail** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **2019** | **2018** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 56,392 | — | — | 56,392 | 56,440 |

## 2.9 Dliteanas Teagmhasach

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh 2019. Bhí dliteanas ann an 31 Nollaig 2018 mar thoradh ar agóid dhlíthiúil in aghaidh thoradh Reifreann na Leanaí. Bronnadh an tríú cuid dá costais dlí san Ard-Chúirt agus leath dá costais dlí Achomhairc sa Chúirt Uachtarach ar an achainí. B’ionann sciar na Roinne de na costais agus €244,715 agus rinneadh an íocaíocht in 2019.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt i measc na gclár, chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 16,233 | | | |
| | | *Forlíontach* | (875) | | | |
| | | | | 15,358 | 14,964 | 13,869 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 176 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11 | | | |
| | | | | 187 | 194 | 162 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 664 | | | |
| | | *Forlíontach* | 121 | | | |
| | | | | 785 | 685 | 520 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 249 | | | |
| | | *Forlíontach* | (130) | | | |
| | | | | 119 | 92 | 160 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 687 | | | |
| | | *Forlíontach* | (79) | | | |
| | | | | 608 | 562 | 633 |
| vi | Speansais áitreabh na hoifige | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 703 | | | |
| | | *Forlíontach* | (196) | | | |
| | | | | 507 | 388 | 1,036 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 369 | | | |
| | | *Forlíontach* | (227) | | | |
| | | | | 142 | 159 | 62 |
| | | | | **17,706** | **17,044** | **16,442** |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin an Vóta (+/- 25% agus €100,000).

i **Tuarastail, pá agus liúntais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €16.233 milliún, Toradh: €14.964 milliún.*

B'éard ba phríomhchúis leis an athrú €1.269 milliún a bhain leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná leibhéil níos ísle d'earcaíocht ná mar a raibh súil leis i dtosach, agus an mhoill a bhí ann an Oifig Caomhnóir Ad Litem a bhunú laistigh den Roinn.

iv **Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €249,000, Toradh: €92,000.*

D'eascair an t-athraitheas de €157,000 as costais poist agus teileachumarsáide níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leo. Ní raibh aon fhachtóir amháin mar bhonn le toradh níos ísle ná an meastachán.

vi **Speansais áitreabh na hoifige**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €703,000, Toradh: €388,000.*

D'eascair an t-athraitheas de €315,000 i gcostais áitreabh oifige as riachtanais bhreise chóiríochta a raibh súil leo, mar thoradh ar fhorbairt líon foirne na Roinne, rud nár tharla mar a bhí tuartha ar dtús, de réir nóta (i) thuas.

vii **Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €369,000, Toradh: €159,000*

D'eascair an t-athraitheas de €210,000 i gcoibhneas leis an bhforáil mheasta as moilleanna i gcur chun feidhme Athbhreithniú Eagraíochtúil 2019, a bhféadfadh seirbhísí comhairleoireachta breise a bheith ag teastáil le haghaidh tuilleadh tacaíochta seachtraí.

## Clár A Clár Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,760 | | | |
| | *Forlíontach* | (148) | 2,612 | 2,544 | 3,745 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 484 | | | |
| | *Forlíontach* | (83) | 401 | 354 | 695 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Tosaigh* | 784,619 | | | |
| | *Forlíontach* | 23,635 | 808,254 | 809,216 | 752,916 |
| A.4 | Ceartas i leith an Aosa Óig – Campas Coinneála Leanaí | | | | |
| | *Tosaigh* | 25,860 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,300) | 24,560 | 23,762 | 27,356 |
| | | | **835,827** | **835,876** | **784,712** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €22.153 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Leagtar amach an t-athraitheas suntasach laistigh den chlár thíos:

**A.3 An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €784.619 milliún,*

*Toradh: €809.216 milliún*

Ba í an phríomhchúis a bhí leis an róchaitheamh €24.597 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán tosaigh, ná brúnna costais faoi stiúir éilimh, go háirithe maidir le cúram cónaithe príobháideach ach rinne tearc-chaitheamh ar chaipiteal é a sheach-chur beagán.

**A.4 Ceartas i leith an Aosa Óig – Campas Coinneála Leanaí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €25.860 milliún,*

*Toradh: €23.762 milliún*

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an easnamh €2.098 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná leibhéil níos ísle de cheapacháin le poist soláthair foirne i mBaile an Oibricigh ná mar a raibh súil leis, in ainneoin earcaíocht rollach i rith na bliana, a raibh tearc-chaitheamh ar chostais phá mar thoradh air in 2019.Anuas air sin, baineadh coigilteas amach ar oibreacha caipitil mar gheall gur tosaíodh tionscadal sábháilteachtaó dhóiteán ní ba dhéanaí ná mar a raibh coinne leis.

## Clár B Cláir Earnála do Leanaí agus Daoine Óga

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| B.1 | Riarachán – Pá | | | | | |
| | *Tosaigh* | 6,493 | | | | |
| | *Forlíontach* | (350) | 6,143 | 5,986 | | 3,745 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,139 | | | | |
| | *Forlíontach* | (200) | 939 | 832 | | 695 |
| B.3 | COLÓ agus Cláir Réamhscoile AIM | | | | | |
| | *Tosaigh* | 329,676 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1,376) | 328,300 | 332,465 | | 326,709 |
| B.4 | Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne agus cláir cúraim leanaí eile | | 166,350 | 164,424 | | 171,613 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | | | | | |
| | *Tosaigh* | 78,417 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,113) | 76,304 | 70,554 | | 3,867 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (cistithe go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | | |
| | *Tosaigh* | 63,595 | | | | |
| | *Forlíontach* | (350) | 63,245 | 62,369 | | 59,881 |
| B.7 | Cláir um chosc agus luath-idirghabháil | | 9,500 | 8,897 | | 6,163 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (Arna gcistiú ag Cuntais dhíomhaoine) | | 7,166 | 7,046 | | 3,650 |
| B.9 | Clár Síochána agus Athmhuintearais | | 2,098 | 1,884 | | 879 |
| B.10 | Éire Ildánach | | 100 | 63 | | 55 |
| | | | **660,145** | **654,520** | | **577,257** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €10,014 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €814,000 de seo le coigilteas ar chaiteachas riaracháin agus tá míniú tugtha cheana féin air seo faoin mír Anailís ar chaiteachas riaracháin thuas. Bhí an méid seo a leanas ina phríomhchúis leis an athraitheas eile €9.2 milliún:

**B.5 Tionscnaimh chúram leanaí (lena mbaineann teorainn airgid tirim)**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €78.417 milliún, Toradh: €70.554 milliún*

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an easnamh €7.863 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná gur tháinig coigilteas aníos mar gheall gur seoladh an Scéim Cúram Leanaí Náisiúnta ní ba dhéanaí ná mar a beartaíodh agus mar gheall nár seoladh é ach ar líne in 2019 (€3.1 milliún). Bhí tearc-chaitheamh ann freisin maidir le tionscnaimh agus tacaíochtaí cúram leanaí áirithe, ar nós cistiú inbhuanaitheachta (€1.5 milliún), tearc-chaitheamh ar chlár *AIM* (€1.4 milliún), moilleanna ar Chigirí Luathbhlianta a earcú (€900,000) á sheach-chur ag líon beag róchaithimh, ar mhéadú €1.2 milliún ar chostais soláthair seirbhíse Pobal ba phríomhchúis leis seo.

**B.7 Clár óige ceantarbhunaithe**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €9.5 milliún, Toradh: €8.897 milliún*

B'éard ba phríomhchúis leis an easnamh €603,000 i gcaiteachas ná caiteachas a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis ar na cláir éagsúla ag eascairt as an deacracht a bhí ag Tusla agus an mhoill a bhí air chun foireann a earcú chuig suíomhanna óige ceantarbhunaithe agus chuig an gClár Coiscthe, Comhpháirtíochta agus Tacaíochta do Theaghlaigh, a raibh gníomhaíocht agus costais laghdaithe i measc na gclár éagsúil mar thoradh air.

**B.9 Clár Síochána agus Athmhuintearais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.098 milliún, Toradh: €1.884 milliún*

B'éard ba chúis leis an easnamh €214,000 ar chaiteachas ná go gcomhchistíonn an AE an clár seo, agus bíonn uainiú chostais na Roinne dothuartha, amanna, dá bharr. Tugtar faoi deara go raibh gníomhaíocht laghdaithe ann freisin mar thoradh ar shaincheisteanna earcaíochta agus coinneála i measc rannpháirtithe an chláir seo.

## Clár C Clár Beartais agus Reachtaíochta

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 6,980 | | | |
| | | *Forlíontach* | (376) | 6,604 | 6,435 | 6,380 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 1,225 | | | |
| | | *Forlíontach* | (217) | 1,008 | 894 | 1,183 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 889 | | | |
| | | *Forlíontach* | (472) | 417 | 245 | 396 |
| C.4 | An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde | | | 2,796 | 2,937 | 3,403 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 8,634 | | | |
| | | *Forlíontach* | (989) | 7,645 | 7,121 | 4,219 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | | | 4,913 | 4,462 | 3,905 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | | 2,747 | 2,500 | 2,435 |
| C.8 | Coimisiún Imscrúdúcháin | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 3,872 | | | |
| | | *Forlíontach* | (661) | 3,211 | 2,785 | 2,964 |
| | | | | **29,341** | **27,379** | **24,885** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €4.677 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €876,000 de seo le caiteachas riaracháin agus tá míniú tugtha cheana féin air seo faoin mír Anailís ar chaiteachas riaracháin thuas. Bhí an méid seo a leanas ina phríomhchúis le hiarmhéid an athraithis €3.801 milliún:

**C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €889,000, Toradh: €245,000*

D'eascair an t-easnamh sa chaiteachas de €644,000 i gcoibhneas leis an bhforáil mheasta ó thabhairt i gcrích agus socrú i rith 2019 cás leanúnach a bhain le Reifreann Leanaí 2012, a raibh na costais a bhain leis cothrom le níos lú ná an costas teagmhasach a ndearnadh foráil lena aghaidh. Go ginearálta, tá sé deacair na torthaí agus na costais a bhaineann le cásanna dlí a thuar.

**C.4 An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.796 milliún, Toradh: €2.937 milliún*

B'éard ba chúis leis an mbarrachas caiteachais €141,000 i gcomparáid leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná tacaíocht chistithe a thug an Roinn don POS chun an suirbhé Ag Fás Aníos in Éirinn a aistriú chuig an POS.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €8.634 milliún, Toradh: €7.121 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh €1.513 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná tearc-chaitheamh i measc roinnt clár, arbh iad na príomhghnéithe: moill ar oibrithe tacaíochta a cheapadh le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh; coigilteas costas maidir le himeachtaí Dháil na nÓg agus Chomhairle na nÓg; agus coigilteas costais a tháinig aníos mar gheall nár cuireadh bunú na hOifige Caomhnóir Ad Litem chun cinn mar oifig feidhmiúcháin laistigh den Roinn chomh tapúil agus a beartaíodh, agus bhí moill dá bharr ar thionscadail dul chun cinn a dhéanamh.

**C.6 Údarás Uchtála na hÉireann**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €4.913 milliún, Toradh: €4.462 milliún*

Ba iad costais foirne ní b'ísle a tháinig aníos mar gheall ar dheacrachtaí earcaíochta a bheith ag an Údarás Uchtála in 2019 ba phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €451,000 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**C.7 Oifig an Ombudsman do Leanaí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.747 milliún, Toradh: €2.5 milliún*

Ba mhoilleanna a bhí ar fholúntais foirne a líonadh san OOL ba chúis leis an easnamh caiteachais €247,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**C.8 Coimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara)**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €3.872 milliún, Toradh: €2.785 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an easnamh €1.087 milliún ar chaiteachas maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná costais a bhain leis an gCoimisiún a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis. Bunaíodh an Coimisiún in 2015 agus cuireadh síneadh breise lena théarma go dtí Meitheamh 2020.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Scéim aoisliúntais - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 8,925 | 8,039 | 8,480 |
| 2 | Scéim aoisliúntais - foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 556 | 592 | 566 |
| 3 | Scéim aoisliúntais - Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais - Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | 34 | — |
| 5 | Ilghnéitheach | 874 | 570 | 555 |
| 6 | Cistiú cuntas díomhaoin | 7,166 | 7,039 | 3,650 |
| 7 | Clár Síochána agus Athmhuintearais | 1,712 | 1,085 | 231 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 8,401 | 9,705 | 10,464 |
| | **Iomlán** | **27,637** | **27,064** | **23,946** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d’asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €573,000 ní b’ísle ná mar a tuaradh. Tugtar míniú ar na difríochtaí suntasacha thíos.

**1 Scéim aoisliúntais - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Meastachán: €8.925 milliún, réadaithe: €8.039 milliún*

B’éard ba chúis leis an easnamh €886,000 ná tearc-chaitheamh foriomlán ar phá ónar eascair fáltais laghdaithe aoisliúntais.

**5 Ilghnéitheach**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €874,000, réadaithe: €570,000*

B’éard ba phríomhchúis leis an easnamh €304,000 ná fáltais ilghnéitheacha Tusla, atá inathraithe i dtaobh cineáil, agus go raibh siad ní b’ísle ná mar a raibh coinne leis.

**7 Clár Síochána agus Athmhuintearais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.712 milliún, réadaithe: €1.085 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh €627,000 ná gur dheacair uainiú na bhfáltas ó Chláir Speisialta an AE a thuar go cruinn.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €8.401 milliún, réadaithe: €9.705 milliún*

Bhí an méadú €1.304 milliún go príomha mar thoradh ar an tionchar a d’imir tosú le pá a íoc arís.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 226 | 110 |
| Fáltais: Pobal | 3,981 | 343 |
| ETBanna | 324 | 813 |
| Campas Coinneála Leanaí Oberstown | 39 | 314 |
| Tusla | — | 99 |
| Eile | 111 | 93 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (4,839) | (1,546) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **(158)** | **226** |

Nóta San áireamh in aistriú 2019 tá suim €526,050 a rinneadh a chatagóiriú go mícheart mar Fháltais Státchiste Breise do 2019. Aisíocadh an tsuim seo leis an Vóta in 2020 ina dhiaidh sin.

## Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **coibhéisí lánaimseartha** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| An Roinn | 277 | 267 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin | 17 | 19 |
| Gníomhaireachtaí (nóta 5.4) | 4,420 | 4,180 |
| | **4,714** | **4,466** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 15,483 | 14,054 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 103 | 113 |
| Ragobair | 19 | 31 |
| ÁSPC Fostóra | 1,210 | 1,034 |
| **Pá iomlán**[1] | **16,815** | **15,232** |

Nóta [1] Dáiltear figiúr an phá iomláin i measc fho-mhírchinn A1, B1,C1 agus C8.

**Luach saothair ghníomhaireachta**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 229,966 | 216,516 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 11,057 | 10,266 |
| Liúntais eile | 62 | 77 |
| Ragobair | 859 | 916 |
| ÁSPC Fostóra | 23,751 | 21,735 |
| **Pá iomlán** | **265,695** | **249,510** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoir í €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 13 | 3 | 20,614 | 20,613 |
| Liúntais eile | 3 | — | 2,761 | 2,675 |
| Ragobair | 8 | — | 9,607 | 8,321 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 3 | 1 | 12,347 | 10,996 |
| **Foireann ghníomhaireachta** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 961 | 100 | 22,900 | 27,469 |
| Liúntais eile | 46 | — | 8,668 | 11,569 |
| Ragobair | 412 | 10 | 19,294 | 22,026 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 351 | 139 | 29,560 | 35,011 |

## 5.4 Fostaithe agus pá gníomhaireachta

Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá gníomhaireachtaí. Tá eolas mionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i dtaobh ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó ó na gníomhaireachtaí atá i gceist go díreach.

| **Líon na foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 4,122 | 3,893 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 248 | 239 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 28 | 27 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 22 | 20 |
| **Iomlán** | **4,420** | **4,179** |

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Pá** | | |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 298,230 | 280,254 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 16,746 | 16,443 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,468 | 1,433 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 1,267 | 1,093 |
| **Pá iomlán** | **317,711** | **299,223** |

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí Párolla

| | **Líon Faighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 9 | 7,733 | 11,627 |
| Pleananna Gnóthúcháin atá i bhFeidhm | 2 | 2,091 | 8,772 |

Nóta Tá ró-íocaíocht bhreise amháin eile forchúitithe go hiomlán ó dheireadh 2019, agus tá pleananna le haghaidh forchúiteamh iarmhéid na ró-íocaíochtaí á mbainistiú agus á mbrú chun cinn ag Coiste na gCóras Íocaíochta agus Socraíochta.

## 5.6 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus ag a raibh pinsean státseirbhíse á fháil ar bhonn táille ar chostas iomlán €25,348. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh de réir phrionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €195,768 (tuarastal, aoisliúntas fostóirí agus ÁSPC fostóirí san áireamh) maidir le beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn don chuid go léir den bhliain 2019 nó cuid de agus ar íoc an Roinn a dtuarastail: ceann chuig Ollscoil Luimnigh agus ceann chuig FSS.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

I gcomhréir le beartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh an glanmhéid a aistríodh chuig Pobal sa bhliain (€573.348 milliún) ar na fo-mhírchinn ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

I rith 2019, d'aisíoc Pobal cistí ar luach iomlán €3.981 milliún leis an Roinn. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann leis an mbliain reatha leis na fo-mhírchinn ábhartha. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann le blianta roimhe seo leis an Státchiste mar Fháltais Státchiste Bhreise.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| | **Fotheideal** | | |
| B.3 | Clár réamhscoile COLÓ agus AIDHM | 332,403 | 322,873 |
| B.4 | Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne agus cláir cúraim leanaí eile | 164,424 | 168,545 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | 62,864 | 3,737 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (cistithe go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta) | 11,557 | 10,715 |
| B.7 | Cláir um chosc agus luath-idirghabháil | — | 4,956 |
| B.8 | Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (arna gcistiú ag cuntais dhíomhaoine) | 809 | 892 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 1,291 | 1,181 |
| | **Iomlán a íocadh le Pobal** | **573,348** | **512,899** |

Nóta Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Bhí ceangaltais deontais ar luach iomlán €7.05 milliún ag Pobal an 31 Nollaig 2019 a bhain le cláir a riaradh thar ceann na Roinne.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a bronnadh | Costais Dlí a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh a rinne fostaithe** | | | | | | |
| Gortú i gcaitheamh obair a dhéanamh | 9 | 75 | 180 | — | 255 | 341 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Éileamh uchtála | — | — | — | — | — | 394 |
| Éileamh díobhála pearsanta [a] | — | — | — | — | — | 542 |
| Cur in aghaidh Reifreann na Leanaí | 1 | — | — | 245 | 245 | — |
| | | **75** | **180** | **245** | **500** | **1,277** |

Nóta [a] Cásanna ina raibh cónaitheoirí reatha/iarchónaitheoirí Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh bainteach.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|---|
| Calaois | 2 | 14 | 32 |
| Calaois amhrasta | — | — | — |

Nótaí:

Níor tuairiscíodh aon teagmhas calaoise a raibh baint ag foireann na Roinne Gnóthaí Óige agus Leanaí leis.

Bhí dhá theagmhas tuairiscithe ann a tharla i soláthraithe seirbhíse a raibh cistí á bhfáil acu ón Roinn Gnóthaí Óige agus Leanaí in 2019.

Bhí na suimeanna neamhthábhachtach (€14,000 i gcás amháin agus sa chás eile bhain an chalaois le hidirlíon agus córas téimh baile duine) agus ní féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an sciar a bhaineann, má bhaineann, le maoiniú na Roinne Gnóthaí Óige agus Leanaí.

Sa tréimhse idir síniú an Chuntais Leithreasa agus an Chuntais Leithreasa deiridh, níor tuairiscíodh aon teagmhais bhreise.

Taifeadadh mionsonraí a bhaineann le 2018 i gCuntas Leithreasa 2018.

## 6.4 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán agus ceisteanna gaolmhara áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Choimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara), 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

Cuirtear caiteachas an Choimisiúin i gcuntas i bhfo-mhírcheann C8 de chuid Vóta na Roinne, agus áirítear leis €1.839 milliún a bhaineann le costais phá.

| | Bliain an cheaptha | Caiteachas carnach a fhad le deireadh 2019 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| C8 — Coimisiún Imscrúdúcháin — Árais Máithreacha agus Naíonán | 2015 | 12,435 | 2,785 | 2,964 |

## 6.5 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Tá ceann de na fo-cheannteidil sa Roinn, B6 – Eagraíochtaí agus Seirbhísí Óige, páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

| | 2019 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| Tá ceann de na fo-mhírchinn sa Roinn, B6 – Eagraíochtaí agus Seirbhísí Óige, cistithe go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta. | 60,395 | 62,369 | 59,881 |

## 6.6 Cistiú an AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhfo-mhírcheann B9 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus torthaí iarbhír.

| | 2019 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Cur Síos ar an bhFo-Mhírcheann** | | | |
| B9 – Clár Síochána agus Athmhuintearais | 2,098 | 1,884 | 879 |

## 6.7 Díscríobh

Díscríobhadh suim €1,000 in 2019. (2018: Níor díscríobhadh aon suimeanna).

## Aguisín A Cuntais ar chomhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus sa chás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, ag an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/Roinne | Tréimhse dheireanach chuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta faighte ag an Aire/Roinn | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---|---|---|---|
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 2018 | An 23 Nollaig 2019 | An 7 Eanáir 2020 | An 21 Eanáir 2020 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 2018 | An 12 Nollaig 2019 | An 17 Nollaig 2019 | An 29 Eanáir 2020 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2018 | An 30 Meán Fómhair 2019 | An 16 Nollaig 2019 | An 27 Feabhra 2020 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 2018 | An 24 Meitheamh 2019 | An 25 Meitheamh 2019 | An 18 Iúil 2019 |